Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Eanáir 2026
(OR. en)

16563/1/25
REV 1
PV CONS 67
RELEX 1646
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha)

20 Samhain 2025

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 15435/25.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 15436/25

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n- áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Cúrsaí reatha

4. Cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin[1*]
*Seisiún tuairimíochta*

5. An staid sa Mheánoirthear
*Seisiún tuairimíochta*

6. An tSúdáin
*Seisiún tuairimíochta*

7. An tSaiheil
*Seisiún tuairimíochta*

8. Aon ghnó eile

| | | |
|---|---|---|
| a) | Fóram Réigiúnach an Aontais don Réigiún Meánmhuirí, 2025<br>*Faisnéis ón Spáinn* | 15290/25 |
| b) | Ionsaithe hibrideacha na Bealarúise ar an Liotuáin<br>*Faisnéis ón Liotuáin* | 15390/25 |
| c) | Sliseanna agus rialuithe onnmhairiúcháin<br>*Faisnéis ón Ísiltír* | 15529/25 |
| d) | Córas smachtbhannaí in aghaidh na coireachta eagraithe a chruthú<br>*Faisnéis ón bhFrainc* | 15469/25 + COR 1 |

---

[1] I láthair Aire Gnóthaí Eachtracha na hÚcráine

* Coinníodh gléasanna leictreonacha lasmuigh.

**Ráitis a ghabhann leis an mír neamhreachtach 'A' a leagtar amach in 15436/25**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 17 ar liosta na míreanna 'A':** | **Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais**<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE**

'Is díol sásaimh don Aontas Eorpach gur bunaíodh creat le haghaidh cúnamh frithpháirteach maidir le haisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha idir na Ballstáit agus an Eilvéis. Is céim thábhachtach é sin chun leanúint den chomhar riaracháin seanbhunaithe idir na páirtithe i réimse an chánachais agus chun é a dhoimhniú. Tá an tAontas Eorpach ag súil go ndéanfaidh an Eilvéis gach beart is gá de mheon macánta chun a áirithiú go leathnófar an comhaontú seo chun cúnamh frithpháirteach a chumhdach chun éilimh chánach eile a aisghabháil. Mura mbainfear an cuspóir sin amach laistigh de 4 bliana ón 1 Eanáir tar éis an prótacal leasaitheach seo a shíniú, déanfaidh an tAontas Eorpach athmhachnamh ar chothromaíocht fhoriomlán an chomhaontaithe seo.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Éacht mór is ea an comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir le creat a bhunú le haghaidh cúnamh frithpháirteach chun éilimh CBL a aisghabháil, agus leis an gcomhaontú, leantar den chomhar riaracháin atá ar siúl cheana idir na páirtithe i réimse an chánachais. Is díol sásaimh don Choimisiún Eorpach an ráiteas ón gComhairle agus tá sé tiomanta céimeanna breise a thabhairt chun an comhar leis an Eilvéis a dhoimhniú, chun cúnamh frithpháirteach le haghaidh aisghabháil éileamh cánach eile a chumhdach.'